Cor Poist na Foirne Tacaíochta FCÁT – Bealtaine 2025

A Chomh-mhúinteoir, a chara,
Agus muid ag druidim i dtreo dheireadh na scoilbhliana, tá súil againn go bhfuil cúrsaí go maith libh le haimsir bhreá an tsamhraidh anois linn.
Seo chugaibh an cor poist is déanaí ó Fhoireann Tacaíochta FCÁT sa GhaelAonad.

In eagrán Mhí na Bealtaine 2025 is iad na topaicí atá á gclúdach againn ná:

- Cúrsa Nua: Cúrsa Samhraidh do Mhúinteoirí Bhunscoile T2 2025 - FCÁT
- An Tionscadal Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) don Ghaeilge 2025/26 – Cuireadh do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna páirt a ghlacadh ann
- Earcaíocht d'fholúntas mar aistritheoir

Cúrsa Nua:
Cúrsa Samhraidh do Mhúinteoirí Bhunscoile T2 2025 - FCÁT



Is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh an cúrsa samhraidh seo á chur ar fáil don chéad uair do mhúinteoirí bunscoile atá ag iarraidh eispéiris foghlama na bpáistí i leith na Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú tríd an gcur chuige FCÁT. Leis an gcur chuige FCÁT - Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga, cumasóidh sé múinteoirí leis an gcur chuige seo a chur i bhfeidhm trí Ghaeilge ina seomraí ranga féin. Tabharfaidh an cúrsa praiticiúil, idirghníomhach seo deis do cheannairí scoile agus múinteoirí machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin ar mhúineadh agus foghlaim agus pleanáil do cheachtanna a bhaineann leas as cur chuige FCÁT.

3 lá EPV ar fáil

Cláraigh tríd na hIonaid Oideachais seo a leanas do na dátaí thíos:

Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir
Clare Education Support Centre

Ionad Tacaíochta Oideachais an Chláir - 1-5 Iúil 2025
Cliceáil anseo le clárú don chúrsa samhraidh FCÁT

nó

Ionad Oideachais Dhroim Conrach 18-22 Lúnasa 2025
Cliceáil anseo le clárú don chúrsa samhraidh FCÁT

Bí linn agus Beidh leat!

An Tionscadal Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) don Ghaeilge 2025/26 – An Roinn Oideachais



Tá cuireadh tugtha do scoileanna T2 (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna páirt a ghlacadh sa tionscadal seo dírithe ar theagasc na Gaeilge. Tá an fhoirm léirithe spéise ar oscailt anois. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an nasc **seo**.

Is é aidhm an tionscadail FCÁT ná cumas, muinín agus meon an fhoghlaimeora i leith na Gaeilge a fheabhsú i suíomhanna um Fhoghlaim agus Cúram na luath-óige agus i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla.

Sa tionscadal 10 seachtaine seo reáchtálfaidh ceannairí foghlama gairmiúla in Oide -cruinniú tionscnaimh, ocht gcruinniú tacúla seachtainiúil (uair a chloig) ar líne agus cruinniú aiseolais.

Do bhunscoileanna atá nua don tionscadal tá fócas ar chur chuige FCÁT i ranganna Corpoideachas le ranganna Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha agus le ranganna a 5 agus a 6. Maidir le scoileanna atá ag filleadh ar an tionscadal don dara nó an tríú bliain tá deis cur chuige FCÁT a úsáid sa rang matamaitice agus tógáil ar an bhfoghlaim go dtí seo.
In Iar-bhunscoileanna, tá an tionscadal ag díriú ar scoláirí na chéad bhliana (ach gan ranganna Gaeilge, NTI nó Béarla a bheith san áireamh) le múinteoirí atá cáilithe mar mhúinteoir Gaeilge i mbun teagaisc an ábhair eile.

Is cuid lárnach don tionscadal seo ná an bhéim a chuirtear ar phobal cleachtais a chruthú, ag cothú idirghníomhaíocht chomhoibríoch, áit go dtreiseofar deiseanna le straitéisí oideolaíochta fréamhaithe i gcur chuige FCÁT a mhalartú.

Earcaíocht do Ról mar Aistritheoir(í) in Oide

Tá ionad Tacaíochta Oideachais Mhuineacháin, atá mar Óstach Riaracháin Oide ag lorg iarratais don phost(anna) mar Aistritheoir(í) d'Oide. Is conradh ar théarma seasta trí bliana é an conradh seo atá ag brath ar mhaoiniú leanúnach, riachtanais na heagraíochta agus fheidhmíocht shásúil.

Chun iarratas a dhéanamh, seol isteach do Churriculum Vitae mar aon le litir iarratais agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí i bhformáid leictreonach chuig recruitment@metc.ie roimh an Aoine, 16 de mhí na Bealtaine ag 4in.

Ba chóir iarratais don phost seo a dhéanamh i nGaeilge. Is fostóir comhdheiseanna é Ionad Oideachais Mhuineacháin. Sainchuntas Poist don Ról mar Aistritheoir/Aistritheoirí in Oide ar fáil anseo.

Ionad Oideachais Mhuineacháin
Monaghan Education Centre

Tuilleadh eolais ar fáil ag www.metc.ie nó www.oide.ie

Guímid gach rath ort don chuid eile den scoilbhliain seo, agus go deimhin do laethanta saoire an tsamhraidh.
Má tá aon cheist agat faoi aon cheann de na teidil thuas, cuirimid an-fháilte roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie
Is muidne le meas,
Foireann tacaíochta FCÁT in Oide